AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 50/2014**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Meánscoileanna / na Scoileanna Pobail / na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Socruithe Athbhreithnithe le haghaidh Clúdach Ionadaithe a Chur ar Fáil do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe in Iar-Bhunscoileanna**

**Réamhrá**

1. Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna dom a chur in iúl duit go bhfuil socruithe athbhreithnithe á dtabhairt isteach le haghaidh na scoilbhliana 2014/15 maidir le clúdach ionadaithe a chur ar fáil le haghaidh neamhláithreachtaí múinteoirí a thagann as gnó oifigiúil scoile in iar-bhunscoileanna. Is é cuspóir an Chiorcláin seo Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí a chur ar an eolas faoi na hathruithe ar na socruithe. Tagann an Ciorclán seo i bhfeidhm in ionad Chiorclán 49/2010 agus Chiorclán 43/2009.

**Leithdháileadh Uaireanta**

2.1 Cuirfear líon sainithe uaireanta ionadaithe ar fáil do gach iar-bhunscoil d'fhonn clúdach a chur ar fáil le haghaidh neamhláithreachtaí múinteoirí a thagann as gnó oifigiúil scoile. Déanfar é sin a ríomh bunaithe ar líon na ndaltaí i scoil agus beidh líon íosta uaireanta ar fáil do gach scoil ag a bhfuil níos lú ná 100 dalta. Sa scoilbhliain 2014/15, leithdháilfear 0.22 uair de chlúdach ionadaithe le haghaidh gach dalta de réir rollú aitheanta na scoile amhail an 30 Meán Fómhair 2013. Samplaí iad leithdháileadh 44 uair ar scoil ina bhfuil 200 dalta agus leithdháileadh 88 uair ar scoil ina bhfuil 400 dalta.

2.2 Leanfaidh an Rannóg um Leithdháileadh Múinteoirí ar aghaidh leis an leithdháileadh uaireanta ionadaithe a eisiúint roimh thús na scoilbhliana nua. Eiseofar é i sceideal leasaithe um leithdháileadh soláthar foirne agus beidh "ionadú" mar theideal air.

2.3 Ba cheart na héilimh ar ionadú le haghaidh gnó oifigiúil scoile a dhéanamh ón leithdáileadh uaireanta páirtaimseartha ar an gCóras Éileamh ar líne.

2.4 Cuirfear leithdháiltí ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar fáil sa ghnáthshlí agus déanfar iad a ríomh ar an mbonn a leagtar amach i Mír 2.1.

**Clúdach Ionadaithe le haghaidh Neamhláithreachtaí Eile**

3. Leanfaidh na socruithe atá ann cheana maidir le clúdach ionadaithe le haghaidh neamhláithreachtaí eile múinteoirí ó dhualgas múinteoireachta de bheith i bhfeidhm. Ba cheart a thabhairt faoi deara go háirithe go gclúdaítear gach neamhláithreacht saoire breoiteachta fhéindeimhnithe anois leis an scéim athbhreithnithe Maoirseachta agus Ionadaithe (mar a leagtar amach i gCiorclán 0006/2014) faoi théarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington.

**Cúrsaíocht**

4. Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil don Bhord Bainistíochta agus go ndírítear aird gach múinteora atá á bhfostú agat, lena n-áirítear iad siúd ar shaoire neamhláithreachta, ar an méid atá istigh ann.

5. Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie.

Padraig Maloney
An Rannóg Párolla
Meitheamh 2014